

## Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghrúpa atá ag déanamh ionadaíochta ar an lucht siúil i gContae na Gaillimhe.



Pléigh na ceistanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa sula seinnfear an mhír:

1. Cén fáth, an gceapann tú, a bhfuil an grúpa 'Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe' ag agóidíocht?
2. An gcaitear go maith leis an lucht siúil in Éirinn, dar leat?
3. Cad atá ar eolas agat faoi thraidisiúin agus faoi chúlra an lucht siúil?

**Ceist 2** Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- racism
- impute, charge with
- standard of accommodation
- depressed, despondent
- institutional racism
- the local authorities
- to suffer, to bear the consequences of something
- action
- national independent agency

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna:

1. Cén fáth a bhfuil an grúpa 'Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe' ag agóidíocht?
2. Cén fáth a bhfuil Maggie agus Mary in ísle brí?
3. Cad a dúirt Éamon Ó Cuív faoin scéal?

4. Cad a bhí le rá ag Comhairle Contae na Gaillimhe?

**Ceist 4** ‘...chithfholcadán...’, ‘...drochstad...’ agus ‘...droch-chaoi...’

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Breacaigí síos na rialacha ar fad a bhaineann le comhfhocail a chumadh.

**Ceist 5** An tuiseal ginideach san iolra.

Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos a bhí le cloisteáil sa mhír, agus cuir an leagan ceart de na focail sna bearnaí:

curtha i leith (na húdaráis áitiúla): \_\_\_\_\_  
i measc (na coinníollacha maireachtála): \_\_\_\_\_

Cad faoi na cinn seo anois:

díograis (na múinteoirí Éireannacha): \_\_\_\_\_  
líon (na bialanna Indiacha): \_\_\_\_\_  
trup (na gluaisteáin mhóra): \_\_\_\_\_  
baill (na hinstitiúidí traidisiúnta): \_\_\_\_\_  
stailc (na hoibrithe teicniúla): \_\_\_\_\_

**Ceist 6** Bhí cúpla focal a dúirt Margaret Ó Riada as Béarla. Cén Ghaeilge a chuirfeá orthu:

- group housing schemes
- progress

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

### Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- racism: ciníochas
- impute, charge with: cuir i leith
- standard of accommodation: caighdeán na cóiríochta
- depressed, despondent: in ísle brí
- institutional racism: ciníochas institiúideach
- the local authorities: na húdaráis áitiúla
- to suffer, to bear the consequences of something: a bheith thíos le rud
- action: gníomhaíocht, gníomh
- national independent agency: gníomhaireacht náisiúnta neamhspleách

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

- ✓ Séimhítear an dara focal i gcomhfocal: cithfholcadán
- ✓ Ní shéimhítear an dara focal nuair a thagann **d**, **t**, **l**, **s** agus **n** le chéile: seanteach
- ✓ Úsáidtear fleiscín idir dhá fhocal i gcomhfocal sna cásanna seo a leanas:
  - nuair a thagann dhá ghuta le chéile: mí-ádh
  - idir dhá chomhchonsan: droch-chaoi
  - má tá níos mó ná réimír amháin ann: sin-seanathair
  - chun doiléire a sheachaint: do-ghlanta
  - má tá ceannlitreacha i gceist: Ard-Chúirt
  - tar éis an- agus dea-: dea-scéal

### Ceist 5

curtha i leith na n-údarás áitiúil  
i measc na gcoinníollacha maireachtála

díograis na múinteoirí Éireannacha  
líon na mbialann Indiach  
trup na ngluaisteán mór  
baill na n-institiúidí traidisiúnta  
stailc na n-oibrithe teicniúla

### Ceist 6

- group housing schemes – *scéimeanna grúpthithíochta*
- progress – *dul chun cinn*

### **Eimear Ní Chonaola**

I gCathair na Gaillimhe, tá ciníochas curtha i leith na n-údarás áitiúil ag coiste a dhéanann ionadaíocht ar an lucht siúil. Deir Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe nach bhfuil aon dul chun cinn déanta le fada le feabhas a chur ar chaighdeán na cóiríochta don lucht siúil sa gcathair ná sa gcontae.

### **Eibhlín Ní Choistealbha**

Maggie Delany, duine den lucht siúil atá ag maireachtaint<sup>1</sup> ar láithreán stad Cheathrú an Bhrúnaigh, ar imeall Chathair na Gaillimhe, ag labhairt linn inniu faoin drochstad atá ar an gcithfholcadán<sup>2</sup> atá acu.

Deir Maggie agus a hiníon Mary, go bhfuilid<sup>3</sup> in ísle brí mar gheall ar an droch-chaoi ina bhfuil cúrsaí sa láithreán – fuacht, francaigh agus fuaraíocht i measc na gcoinníollacha maireachtála.

Inniu, d'fhoilsigh Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe a dtríú tuarascáil ó 2017 maidir le caighdeán cóiríochta an lucht siúil.

### **Margaret Ó Riada, Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe**

Táimid tar éis suirbhé a dhéanamh ar ocht suíomh déag, idir shuíomhanna agus *group housing schemes* sa chathair agus sa chontae. Níl an scéal go maith. Tá fíorbheagán *progress*. Tá na seirbhísí agus na rudaí nach bhfuil ar fáil ar na suíomhanna, tá sé cosúil leis an Tríú Domhan.

### **Eibhlín Ní Choistealbha**

Deir an grúpa go bhfuil ciníochas institiúideach ar bun ag na húdaráis áitiúla mar go bhfuil teipthe orthu an caighdeán cóiríochta a fheabhsú.

### **Éamon Ó Cuív, TD, Fianna Fáil**

Is ciníochas é nuair atá dream amháin sa tsochaí thíos le ciníochas an t-am ar fad. Is easpa gníomhaíochta é ar leibhéal na n-údarás áitiúil agus go fírinneach, mura n-éiríonn leis na húdaráis áitiúla gníomh a dhéanamh ba cheart an cúram a bhaint díobh agus é a thabhairt d'údarás neamhspleách.

### **Eibhlín Ní Choistealbha**

Reáchtáladh agóid chiúin taobh amuigh de Chomhairle Contae agus Cathrach na Gaillimhe inniu. Deir an Ghluaiseacht nach bhfuil sé ceart ná cóir sa bhliain 2019 go mbeadh ar aon duine maireachtaint i gcoinníollacha nach bhfuil sábháilte ná sláintiúil. Agus, táthar ag iarraidh go mbunófaí gníomhaireacht náisiúnta neamhspleách nua chun déileáil le cúrsaí cóiríochta don lucht siúil. Deir Comhairle Contae na Gaillimhe gur i gcásanna áirithe go bhfuil malairt cóiríochta diúltaithe ag an lucht siúil agus deir nach bhfuil go leor de na fadhbanna atá luaite i dtuarascáil an lae inniu ag teacht faoi chúram na Comhairle.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 i gCathair na Gaillimhe.

---

<sup>1</sup> ag maireachtáil an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> cithfholcadh a dúradh

<sup>3</sup> go bhfuil siad an leagan caighdeánach